Nuacht Neasáin

Márta
2013

Dátaí don Dialann

Dates for your diary

Searmanas an tSolais

10/04 @ 7.30i.n.

An Cóineartú / Confirmation

16 Aibreán / April 11.00r.l.

An Chéad Chomaoineach

27 Aibreán @ 11.30

Briseadh Mean Téarma / Mid Term

03 – 07 Meitheamh

Tá sé i gceist ag mná na scoile páirt a ghlacadh i Marathón na mBan arís ar an 3 Meitheamh chun airgead a bhailiú ar son na scoile. Má tá spéis agat a bheith páirteach déan teagmháil le Gaeloideas nó leis an oifig.

Scoil Neasáin's women intend partaking in the mini Marathon again this year on the 3rd of June to raise funds for the school. If you are interested contact members of Gaeloideas or the office.

Nuacht agus Fógraí Ginearálta

Tá an dara téarma nach mór curtha dínn againn agus sinn ar fad ag súil go mór le laethanta saoire na Cásca. Tá téarma maith oibre déanta sna ranganna agus bhíomar an-ghnóthach le Food Dudes, cúrsaí spóirt agus ag ullmhú do na Sacraimintí le linn an téarma seo

We hve reached the end of the second term and everybody is looking forward to the Easter Holidays. This term has been very busy with the Food Dudes programme, 'We are Writers, sports and preparation for Sacraments.

Lá le Pádraig agus Seachtain na Gaeilge

Déantar ceiliúradh ar an nGaeilge sa choicís seo roimh Cháisc agus bhí paráid glas Lá le Pádraig ar siúl sa halla ar an Aoine seo caite. Iarradh ar ghasúir rud éigin glas a chaitheamh ar an lá agus déantar ceiliúradh ar thalann na scoile le linn an pharáid. Bhí R2 agus R6 ag babhláil maidin Dé Luain mar aitheantas ar an iarracht mhór a rinne siad ó thaobh na Gaeilge de le mí anuas. Leanfar leis seo tar éis na Cásca agus beidh turas eile á eagrú do rang ar leith roimh laetha saoire an tsamhraidh. Le linn na seachtaine seo beidh raidio Scoil Neasáin ag craoladh ag 10.00 gach maidin (R6 a bhíonn ina mbun) agus beidh comórtais / obair bhaile / gníomhaíochtaí taitneamhacha á reachtáil idir ranganna. Bainimid ar fad an-sult as an tréimhse seo i gcónaí. Buíochas ar leith do Mhúinteoir Aisling as comhordú a dhéanamh ar an tseachtain.

Lá le Pádraig agus Seachtain na Gaeilge

We celebrate our national language during this fortnight before Easter and our annual St. Patrick's Day Parade took place on Friday when all children came to school dressed in green 'Glas agus Gaelach'. This occasion also gives children from different classes an opportunity to perform in front of the school and share their talents. Last Monday saw R2 and R6 win a trip bowling for their special efforts in using accurate Irish in the month before. We hope to continue this initiative after Easter with a trip for another class. During this week Radio Scoil Neasáin will be croadcasting every morning (Rang 6 will be at the helm) and we will be running competitions / special homework / activities between classes to celebrate Irish. We all enjoy this week very much. Special thanks to Múinteoir Aisling who organises Seachtain na Gaeilge.

Buíochas

Níor eisíodh nuacht litir ó Nollaig agus ba mhaith linn buíochas a chur in iúl do Ghaeloides as an obair ar fad a rinne siad ag eagrú ócáid Dhaidí na Nollag roimh Nollaig, na cártaí, na ticéad agus na féilirí arís i mbliana agus go speisialta do chuile dhuine a d'oibrigh ar na stainíní, sa chistin agus rl.

Buíochas

No newsletter has issued since Christmas and we would like to thank Gaeloideas for all the work they did in organising Daidí na Nollag, the cards and calendars, the crannchur again this year and to everybody who contributed to that morning, on the different stands, in the kitchen etc.

Árachas

Tá árachas 24 uair a chloig ag do pháiste. Má bhíonn ort do pháiste a thabhairt ag an ospidéal de bharr timpiste ar scoil / taobh amuigh den scoil is féidir foirm a fháil ón rúnaí chun aisíoc a fháil ar chostaisí

Insurance

Each child in the school is covered by 24 hour insurance. If you have to bring your child to hosipal and incur medical expenses which cannot be claimed elsewhere you can get a form from the school secretary to reclaim your costs.

Tá páistí Rang 5 agus 6 ag glacadh páirte i gCór na nÓg i dTamhlacht ar an Tá go leor cleachtadh agus foghlaim focail agus amhráin déanta acu agus an-bhuíochas do Mhuinteoir Jennifer a réitigh na gasúir don mhórócáid. Beidh cúpla duine ó na ranganna sin ag canadh sa cheoláras náisiúnta an téarma seo chugainn chomh maith.

Rang 5 and R 6 are taking part in the Cór na nÓg concert in Tallaght next month. There were plenty of words and songs to learn and plenty of practice. Many thanks to Múinteoir Jennifer who has undertaken this project. A few children from 5th and 6th class will be singing in the National Concert Hall next term as part of the National Cór na nÓg concerts.

Cáisc Shona do chách

Athoscailt na Scoile
School re-opening

08/04/2013

An tAonach Leabhar

Tá an tAonach Leabhar faoi lán seoil an tseachtain seo. Tá dearbhán faighte ag gach páiste sa scoil agus is féidir iad a úsáid chun lascaine a fháil ó na leabhair. Chomh maith leis sin is féidir ordú a dhéanamh ar an gcnuasacht scríbhneoireachta 'We are Writers' atá curtha le chéile ag gasúir ó R1 – R6.
Míle buíochas le Múinteoir Niamh a eagraíonn an tAonach gach bliain agus don choiste leabharlainne a chuidíonn leis an reáchtáil.
The Book Fair is underway at the moment. Each child in the school received a World Book Day token and it can be used to receive a discount on the books at the fair. The compilation of work from students in R1 – R6 'We are Writers' is also available to order this week. Many thanks to Múinteoir Niamh who organises the fair each year and to the Library committee for helping with the running of the event.

Food Dudes

Le linn Mí Eanáir ritheadh an clár Food Dudes sa scoil agus d'éirigh go hiontach leis. Cuireadh torthaí agus glasraí ar fáil do na gasúir gach lá agus tugadh duaiseanna dóibh siúd a d'ith na torthaí agus glasraí. Tá fás mór tagtha ar líon na bpáistí atá ag tógáil torthaí agus glasraí ar scoil leo gach lá. Táimid an-bhuíoch do na múinteoirí ar fad a reachtáil an clár sna seomraí ranga agus go speisialta do Mhúinteoir Tara a rinne comh-ordú ar an gclár ar bhonn scoile. Meabhraítear do thuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le lón sláintiúil a chur ar fáil do pháistí agus a chinntiú nach mbíonn ábhar lán siúcra ag páistí ina lón. Ceadaítear treat beag amháin ar an Aoine más mian le tuismitheoirí ceann a chur isteach.

During the month of January we ran the successful Food Dudes programme in the school. Fruit and Vegtables were provided each day and the chldren were rewarded for tasting and eating the fruit and veg. Since then we have noticed an increase in the amout of fruit and veg in the lunch boxes every day. Thank you to all the teachers who ran the programme and especially to M. Tara who co-ordinated the entire project on a school basis. We remind parents of our healthy lunch policy and not to be providing sugary snacks for children in their lunchboxes. A small treat/ snack is allowed on a Friday if parents wish to provide one.

Peil, Iománaíocht agus Grúpa Ceoil

Tá foireann peile na gcailíní agus foireann iománaíochta na mbuachaillí ag glacadh páirte i gcomórtais Léig Fhine Gall agus Chumann na mBunscol faoi láthair. Ta an ceathrú craobh sroichte ag na cailíní agus beidh sin á imirt tar éis na Cásca. Tá na buachaillí i ngrúpa an-dúshlánach i mbliana de bharr an bua a bhí acu anuraidh ach tá spiorad láidir sa bhfoireann agus iad breá dearfach faoina gclucihí go dtí seo. Buíochas do mhúinteoirí Seán agus Shane a bhíonn i mbun na traenála leis an buachaillí agus do Joanne a bhíonn i mbun na traenála leis an cailíní.

Grúpa ceoil na Scoile

Bíonn fáilte mhór roimh gach ceoltóir tradisiúnta ó Rang 3 – 6 sa halla ar an Aoine seinnt le chéile mar ghrúpa scoile. Bíonn an grúpa seo ag seinnt ag ócáidí scoile agus is iontach an deis é do pháistí a talann a roinnt le chéile agus cur le hatmaisféar na scoile. Spreagtar na gasúir a gcuid uirlisí a thabhairt isteach ar an Aoine feasta

The girls' football team and the boys' hurling team are involved in competition at the moment in the Fingal League and in Cumann na mBunscol. The girls have reached the quarter final which will be played after Easter and the boys who are in a very challenging division this year due to their victory last year will play in the semi-final of the shield. Thanks to Múinteoir Shane and Múinteoir Seán who are training the boys and to Joanne Courtney who is training the girls. Go n-éirí leo ar fad.

Grúpa Ceoil na Scoile

All children who play a traditional instrument from R3 – R6 are welcome in the school hall on Fridays to play together as a school group. This group plays at various school occasions and it is a great opportuinity for children to share their talents and to support the school atmosphere. We encourage children to bring along their instruments on Fridays.

Teicneolaíocht ar Scoil / Technology in School

Tá an Bord Bainistíochta tar éis infheistíocht mhór a dhéanamh sa teicneolaíocht agus le cabhair airgead lá spórt do chách i mbliana tá seit ranga iPads ceannaithe don scoil. Tá siad á gcur in oiriúint don scoil faoi láthair agus tá súil againn go mbeidh siad in úsáid I ranganna go luath tar éis na Cásca.

The Board of Management has made a significant investment in technology recently and with the help of the money raised during Lá Spórt do Chách this year a class set of iPads has been purchased. They are currently being set up for use in the classrooms and will be in use we hope after Easter.

Féin-Mheastóireacht Scoile

Mar chuid den phróiseas féin-mheastóireachta tá tuairimí agus aiseolas á lorg againn ó thuismitheoirí agus ó pháistí ar litearthacht sa scoil. Táimid ar iarraidh ar thuismitheoirí suirbhé a líonadh ar líne chun cuidiú linn agus sinn ag cur le chéile ár bplean febhsúcháin scoile. Beidh níos mó eolais faoi seo á chur amach díreach i ndiaidh na Cásca.

As part of the school self-evaluation process we are seeking opinions and feedback from parents and children on 'literacy in the school'. We are asking parents to complete an online survey which will help us in drawing up our school improvement plan. A link to the survey will be posted after Easter and more information will be available.